1

Cá mhéad páiste agus duine óg sa tuaisceart a labhraíonn Gaeilge?

Tá eolas ar an teanga Ghaeilge ag 10.4% de dhaonra thuaisceart na hÉireann. Léirigh Daonáireamh 2001 gur ag daoine idir aois 12 go 15 ba dhóiche eolas ar an Ghaeilge (23.8%); ina dhiaidh sin daoine idir 16 go 24 bliain (16%).
Léirigh suirbhé 1999 Life and Times fosta, dá óige an aoisghrupa gur mhó coibhéis na gcainteoirí Gaeilge.

Cá mhéad scoil?

Tá 79 Gaelscoil i dtuaisceart na hÉireann.
De réir an luas reatha fáis, beidh 10,000 páiste i nGaelscoileanna fá 2010.

Cad is cearta ann?

Tá cineálacha éagsúla ceart ann. Is é is ceart ann saoirse bhunúsach ar bith ba chóir a bheith ag gach duine daonna. Ar na cearta seo bheadh an ceart chun na beatha agus ar shaoirse, agus an ceart ar déileáil chomhionann.
In amanna leagtar amach ceart i ndlí nó i ngrúpa dlíthe. Tharlódh seo dá léireodh an pobal go dteastaíonn an chosaint sin le comhionannas a thabhairt dóibh. Tharlódh sé fosta dá mba mhaith le rialtas cuidiú a thabhairt nó rud éigin a athrú lena dhéanamh níos fearr ná a bhí sé roimhe sin.

2

Cad iad Cearta Teanga?

Tá Achtanna Teanga agus Dlíthe Teanga le fáil ina lán áiteanna eile, sa Bhreatain Bheag, mar shampla, i ndeisceart na hÉireann, sa Chatalóin, i dTír na mBascach agus i gCeanada. Sna háiteanna seo, chuidigh Achtanna Teanga le daoine seirbhísí agus cearta, a ndéanann lucht labhartha teanga thromlaigh nó cheannasach dóigh díobh, a fháil ina dteanga féin. Chuideodh Dlíthe Teanga fosta le teangacha a lagaíodh a athneartú agus chuideodh siad leo maireachtáil le go dtiocfadh le daoine leanúint de chleachtadh a dteanga féin agus ár n-ilchineálacht agus ár ndifríochtaí a choinneáil le linn dúinn comhoibriú le chéile.

Cosnaítear cearta páistí ar fud an domhain ag

Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Pháiste
Liosta 42 gealltanas é seo a thugann bunús thíortha an domhain do pháistí agus do dhaoine óga. Orthu tá an ceart chun oideachais, an ceart le tuairim a thabhairt agus an ceart ar dhéileáil chomhionann.
www.everychildmatters.gov.uk/strategy/uncrc

Fosta, cosnaítear páistí agus daoine fásta ag an *Acht um Chearta Daonna 1998*

I measc rudaí eile, deirtear san Acht seo go bhfuil ceart chun cosanta sa dlí ag gach duine; go bhfuil ceart chun oideachais agus ar iad féin a chur in iúl ag gach duine; nár chóir go mbeadh aon duine ina sclábhaí; nár chóir go gcéasfaí aon duine; go bhfuil ceart ar thriail chothrom ag gach duine; agus go bhfuil ceart a bheith saor ag gach duine.
Is tábhachtach Alt 14 ag páistí agus daoine óga le Gaeilge nó tá teanga luaite ann. Deir sé gur chóir go dtiocfadh le gach duine cosaint a fháil faoin Acht, beag beann ar ghnéas, chine, dhath, theanga, reiligiún, dhearcadh polaitiúil nó eile, cé acu tá siad saibhbir nó bocht. www.opsi.gov.uk/acts/acts1998/80042--d.htm

3

Cad iad na cearta teanga atá anois ag Gaeilgeoirí óga?

Chomh maith le bheith cosanta an dóigh chéanna a mbíonn daoine óga eile, tá cearta éigin ag daoine óga le Gaeilge a bhaineann le cleachtadh a dteanga féin agus le haimsiú seirbhísí i nGaeilge.
Mar shampla,

- Luaitear an Gaeloideachas in *Ordú Oideachais (TÉ) 2000*
- Cuireann *An Creat-Choinbhinsiún um Chosaint Mionlach* cearta áirithe ar fáil do pháistí agus do dhaoine óga le Gaeilge
  www.minorityrights.org/admin/Download/Pdf/FrameConv.pdf
- Gheall rialtas na Breataine sa *Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlach* seirbhísí i nGaeilge a chur ar fáil d'aosaigh agus do pháistí san oideachas, san oiliúint, ar theilifís agus raidió, sna cúirteanna agus i seirbhísí poiblí ón Tionól agus ó chomhairlí áitiúla

en.wikipedia.org/wiki/European_Charter_for_Regional_or_Minority_Languages

Faoin *Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlach* thig leatsa, nó le haon aosach:

- litreacha a scríobh i nGaeilge chuig ranna rialtais, chuig an Tionól, chuig comhairlí áitiúla agus chuig iontaobhais sláinte agus oideachais, chuig an Chomhairle Ealaíon, an Chomhairle Spórt agus comhlachtaí áirithe eile, agus foirmeacha a líonadh amach i nGaeilge
- labhairt leo nó scairt ghutháin a chur orthu i nGaeilge
- ateangaire a iarraidh ag cruinnuithe le comhlachtaí rialtais agus poiblí
- cáipéisí oifigiúla agus eolas áirithe a fháil i nGaeilge
- leagan Gaeilge d'ainm a úsáid
- áitainmneacha dúchais Gaeilge a usáid

Ach is comhaontuithe idirnáisiúnta iad an *Chairt Eorpach* agus an *Creat-Choinbhinsiún*, rud a fhágann mura gcomhlíontar do chearta nach dtig leat cabhair a lorg sa chúirt. I muinín na dea-mhéine a bheas tú.

4

An féidir ar gcearta a neartú? Bille na gCeart TÉ

Fá láthair, tá Coimisiún Ceart Daonna TÉ ag obair ar Bhille na gCeart do TÉ.
Liosta é Bille na gCeart de chearta bunúsacha a bheadh ag gach duine a chónaíonn anseo. Ina measc bheadh cearta teanga d'aosaigh agus do dhaoine óga le Gaeilge. Mura bhfaighfeá do chearta, d'fhéadfá cabhair a lorg sa chúirt. Nuair a fiafraíodh de dhaoine cúpla bliain ó shin cad é a shíl siad ba chóir a bheith i mBille na gCeart, bhain 21% d'fhreagraí leis an riachtanas atá le cearta teanga, d'iarr 76% díobh sin cosaintí ba láidre don teanga Ghaeilge.*

Dar le POBAL, ba chóir go n-aithneodh Bille na gCeart an Ghaeilge mar theanga oifigiúil sa tuaisceart agus tacú le hachtú Acht Teanga na Gaeilge, mionsonraithe, ceartbhunaithe.

Acht na Gaeilge

In 2006, thionóil POBAL a lán cruinnithe le Gaeilgeoirí agus saineolaithe ar chearta teanga. Eadrainn, d'aontaigh muid ar an mhéid a theastaigh in Acht na Gaeilge agus thosaigh muid a iarraidh tacaíochta ó pháirtithe polaitiúla, eagrais cheart daonna agus ó dhreamanna eile.

I mí Dheireadh Fómhair 2006, thug rialtas na Breataine gealtanas i gComhaontú Chill Rímhinn, Acht na Gaeilge a reachtú sa tuaisceart.

Tá POBAL ag iarraidh Acht Gaeilge:

1. A dhéanfaidh teanga Oifigiúil den Ghaeilge sa tuaisceart
2. A ghabhfaidh cur chuige ceartbhunaithe, agus a chruthóidh sé méid agus réimse mór ceart ráthaithe do Ghaeilgeoirí sa Tionól, sna comhairlí áitiúla, sna cúirteanna, sna scoileanna, coláistí agus ollscoileanna agus ar raidió, theilifís agus nuachtáin
3. A déarfaidh cad iad na seirbhísí Gaeilge a chaithfidh an rialtas agus comhlachtaí poiblí a thabhairt agus cá huair
4. A bhunóidh Coimisinéir Gaeilge TÉ agus an Bord um Chearta agus Phleanáil na Gaeilge, chun chuidiú le daoine seirbhísí agus a gcearta faoin Acht a fháil ar an dóigh is fearr

I dtuaisceart na hÉireann, cuideoidh Bille na gCeart agus Acht na Gaeilge leis na Gaeilgeoirí uilig, páistí agus daoine óga san áireamh.

www.pobal.org

* *Achoimre ar Aighneachtaí maidir le Bille na gCeart TÉ*, CCDTÉ, 2003